



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Beartas Sonraí Oscailte

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
gov.ie

Clár Ábhair

1	Cuspóir	4
2	Scóip.....	5
3	Comhthéacs.....	7
4	Freagrachtaí	8
5	Foilseachán Sonraí Oscailte	9
6	Tacair Sonraí Ardluacha	11
7	Iarratais ar Shonraí Oscailte	11
8	Baol	13
9	Doiciméid agus Treoir Bhreise	13
10	Timthriall Athbhreithnithe	14
11	Sonraí Teagmhála	14

Stair Athraithe

Ainm an Doiciméid	Beartas Sonraí Oscailte
Dáta Cruthaithe	Meitheamh 2024
Úinéir an Doiciméid	Aonad Sonraí Oscailte, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialú Leaganacha

Dáta na hEagarthóireachta	Leagan Uimh.	Eagarthóir	Cur Síos ar an Athrú e.g. uimh leathanaigh /Achoimre ar na hathruithe a rinneadh.
06/06/2024	L1	Deirdre Kelly	Cruthú tosaigh an bheartais
13/06/2024		Deirdre Kelly	Tagairtí do Straitéis Sonraí RTRÁO ar leathanach 6
13/01/2025		Deirdre Kelly	Nuashonraithe bunaithe ar aiseolas ón Aonad Tacaíochta Straitéisí agus Gnó (ATSG) agus Aonad Cosanta Sonraí (ACS)
24/01/2025		Deirdre Kelly	Nuashonraithe bunaithe ar aiseolas ón Aonad um Chlaochlú Digiteach (ACD)

18/03/2026		Deirdre Kelly	Naisc a bhaint de leathanaigh inmheánacha
------------	--	---------------	---

Tá an saothar seo ceadúnaithe faoi Cheadúnas Idirnáisiúnta Creative Commons Attribution 4.0.



Gluais

SF	Saoráil Faisnéise
RFC	Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol
CP	Ceisteanna Parlaiminte
RGCS	Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí
OCS	Oifigeach Cosanta Sonraí
CSV	Luachanna Scartha le Camóga
PDF	Formáid Doiciméad Iniompartha
TSA	Tacair-Sonraí Ardluacha
API	Comhéadan Feidhmchláir

1 Cuspóir

- 1.1 Tacaíonn an beartas seo leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a gcuid dualgas a chomhlíonadh atá leagtha amach i dTreoir Sonraí Oscailte agus Athúsáid Faisnéise na hEarnála Poiblí de chuid an AE¹ a thugann isteach oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí na sonraí go léir a thagann faoi raon feidhme na Treorach a dhéanamh “oscailte de réir dearadh agus réamhshocráithe”.
- 1.2 De ghnáth, tuigtear gur sonraí neamhphearsanta iad Sonraí Oscailte atá ar fáil i bhformáid oscailte agus ar féidir le duine ar bith iad a úsáid, a athúsáid agus a roinnt go saor chun aon chríche.
- 1.3 Liostaíonn an Straitéis Sonraí Oscailte 2017-2022² cuid de na buntáistí a bhaineann le foilsiú Sonraí Oscailte cosúil le:
- Trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr do chomhlachtaí poiblí
 - Is féidir feabhas a chur ar chinnteoireacht beartais trí Thacair Sonraí Oscailte a chomhcheangal agus a úsáid
 - Comhroinnt agus úsáid sonraí níos mó agus níos tapúla ar fud na seirbhíse poiblí
 - Caitheann foireann na seirbhíse poiblí níos lú ama ar iarratais Sonraí Oscailte, ar Shaoráil Faisnéise agus ar iarratais inmheánacha
 - Cabhrú leis an earnáil phríobháideach faisnéis ghnó níos fearr a fháil, agus an cumas seirbhísí a sholáthar ar bharr sonraí
- 1.4 Tugann cloí níos fearr le prionsabail Sonraí Oscailte deis d’aonaid ghnó a bheith níos liteartha ar shonraí agus cleachtais bhainistíochta sonraí níos fearr a chruthú, léirshamlú sonraí a bhfuil léargas níos mó leo agus níos suntasaí a

¹ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32019L1024>

² https://data.gov.ie/uploads/page_images/2018-03-07-114306.063816Final-Strategy-online-version1.pdf

dhearadh, agus gabháil sonraí comhsheasmhach a chinntiú. Trí shonraí a fhoilsiú go réamhghníomhach nuair a bhíonn siad ar fáil, tagtar roimh ré go leor iarrataí um Shaoráil Faisnéise (SF), iarrataí um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC) agus iarrataí um Cheisteanna Parlaiminte (CP), a laghdaíonn an t-ualach oibre amach anseo.

2 Scóip

- 2.1 Baineann an beartas seo le gach fostaí sa Roinn. Tá an beartas seo údaraithe ag Bord Bainistíochta na Roinne. Caithfidh gach aonad gnó dul i ngleic leis an bpróiseas chun bogadh i dtreo foilsiú Sonraí Oscailte.
- 2.2 Úsáidtear an focal ‘sonraí’ go coitianta chun tagairt a dhéanamh do shonraí táblacha – sonraí atá i dtáblaí, i scarbhileoga, i mbunachair sonraí etc. Mar sin féin, leathnaíonn Treoir an AE brí na bhfocal sonraí chun íomhánna, fuaim, doiciméid, grafaicí, léarscáileanna agus mar sin de a thabhairt i gceist. Chomh maith leis sin, tiocfaidh sonraí taighde atá maoinithe go poiblí faoin Treoir anois freisin. Ba cheart a mheas anois go bhfuil na tacair sonraí seo go léir ar oscailt de réir réamhshocrú agus de réir dearadh.
- 2.3 Ní scaoiltear gach sonraí roinne i bhformáid oscailte, d’fhéadfadh cuid de na tacair sonraí a bhainistímid a bheith ina sonraí dúnta, nó ina sonraí comhroinnte, ach mheasfaí go mbeadh cuid mhaith de na sonraí a bhainistímid ag an Roinn oiriúnach do Shonraí Oscailte.
- 2.4 Níor cheart aon chineál sonraí pearsanta a fhoilsiú le, nó mar, Sonraí Oscailte. Níor cheart go ndéanfaidh Sonraí Oscailte sárú ar cheart duine a gcuid sonraí pearsanta a chosaint choíche. Foráiltear na cosaintí seo den chuid is mó tríd

an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.

2.5 Ní chlúdaíonn an beartas seo:

- iarratais SF; déan teagmháil le foireann SF na Roinne le haghaidh treorach agus cúnaimh leis seo ag foi@housing.gov.ie
- iarratais RFC, déan teagmháil le Foireann RFC na Roinne le haghaidh treorach agus cúnaimh leis seo ag aie@housing.gov.ie
- Treoir INSPIRE³
- Cosaint Sonraí, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí⁴ (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018⁵, mar níor cheart go sáródh Sonraí Oscailte ceart duine a sonraí pearsanta a chosc

2.6 Ní dhéanann an Treoir difear do chórais atá ann cheana maidir le cóipcheart, maoin intleachtúil, cosaint sonraí pearsanta, Saoráil Faisnéise, nó Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, agus ní cheadaíonn sí faisnéis a scaoileadh ar bhealach atá toirmiscthe ar shlí eile de réir an dlí. Mar sin féin, d'fhéadfaí aschuir ó SF, RFC agus INSPIRE a chur ar fáil mar Shonraí Oscailte.

2.7 Má tá aon sonraí pearsanta, sonraí de chatagóir speisialta, nó sonraí íogaire ar nós sonraí tráchtála nó comhshaoil i seilbh tacar sonraí, ní féidir é a fhoilsiú mar atá sé faoi láthair. Is féidir tacar sonraí ina bhfuil sonraí pearsanta a chur trí phróiseas anaithnidithe chun aitheantas an duine lena mbaineann sé a chosc go buan. Tá nóta treorach foilsithe ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le hAnaithnidiú agus Bréagainmniú,

³ <https://inspire.ec.europa.eu/>

⁴ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02016R0679-20160504>

⁵ <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/7/enacted/en/html>

agus ba cheart tagairt a dhéanamh dó má tá an próiseas seo á dhéanamh agat⁶.

3 Comhthéacs

- 3.1 Tugann Treoir 2019/1024/AE an AE ar Shonraí Oscailte agus ar athúsáid Faisnéis na hEarnála Poiblí oibleagáid isteach ar chomhlachtaí poiblí sonraí uile na hearnála poiblí a thagann faoi raon feidhme na Treorach a dhéanamh “oscailte de réir dearadh agus réamhshocraithe”. Tá sé mar aidhm leis seo na rialacha agus an cleachtas náisiúnta maidir le foilsiú faisnéise poiblí Sonraí Oscailte a chomhchuibhiú.
- 3.2 Aistríodh an Treoir maidir le Sonraí Oscailte isteach i ndlí na hÉireann i mí an Mheithimh 2021 le hIonstraim Reachtúil Uimh. 376/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sonraí Oscailte agus Athúsáid Faisnéise ón Earnáil Phoiblí) 2021⁷.
- 3.3 Tugann Ciorclán 20/2021 - Treoir Sonraí Oscailte⁸ miondealú ar na gníomhartha is gá do chomhlachtaí earnála poiblí chun cloí leis an Treoir.
- 3.4 Liostaíonn Straitéis Sonraí na Roinne⁹ “Sonraí Oscailte” mar cheann dá príomhspríocanna faoi Chlár 3 “d’Ardán Sonraí Comhtháite”. Liostaíonn sí freisin “sonraí oscailte” mar cheann de na trí phríomhphrionsabal atá aige.

⁶ <https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2022-04/Anonymisation%20and%20Pseudonymisation%20-%20latest%20April%202022.pdf>

⁷ <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2021/si/376/made/en/html>

⁸ <https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/212217/bd5cd126-1954-4d65-8b3d-dd5a8398b453.pdf#page=null>

⁹ <https://assets.gov.ie/240157/d094d925-65ef-49fe-b33e-d07c75920303.pdf#page=null>

- 3.5 I gcás nach gclúdaítear topaic sa doiciméad beartais seo, ba chóir don léitheoir tagairt a dhéanamh don Chiorclán, don Ionstraim Reachtúil, don Acht Cur Chun Feidhme agus don Treoir AE le haghaidh tuilleadh eolais agus treorach.

4 Freagrachtaí

- 4.1 Caithfidh aonaid ghnó freagracht a ghlacadh as foilsiú a gcuid Sonraí Oscailte féin, le tacaíocht ón Aonad Sonraí Oscailte. D'fhéadfadh aonad gnó a bheith freagrach as tacair sonraí iolracha.
- Ba cheart go mbeadh aonaid ghnó eolach ar bhailiú, rochtain, úsáid agus cáilíocht a dtacar sonraí éagsúla.
 - Déanfaidh siad cinneadh maidir le pleananna foilsitheoireachta Sonraí Oscailte, lena n-áirítear cinntí amhail an gá le hanaithnidiú sonraí.
 - Socróidh siad sceideal foilseacháin sonraí ina mbeidh an uair a fhoilseofar agus a nuashonrófar a Thacair Sonraí Oscailte.
 - Ba cheart dóibh a chinntiú go scaoiltear baill foirne le haghaidh oiliúna Sonraí Oscailte cuí nuair is gá.
 - Ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil cleachtais Sonraí Oscailte mar chuid lárnach de gach tionscadal agus straitéis nua nó nuashonraithe amach anseo.
 - Comhoibreoidh siad leis an Aonad Sonraí Oscailte maidir le riachtanais oiliúna agus saincheistanna teicniúla.
- 4.2 Spreagann agus cuireann an tOifigeach Idirchaidrimh Sonraí Oscailte agus an tAonad Sonraí Oscailte foilsiú agus úsáid Sonraí Oscailte chun cinn laistigh den Roinn. Tá an tAonad Sonraí Oscailte suite laistigh den Aonad Staitisticí agus Anailísíochta, laistigh den Rannán Corparáideach agus Tacaíochta.
- Is é an tAonad Sonraí Oscailte an pointe teagmhála le haghaidh aon cheistanna faoi Shonraí Oscailte a bhaineann leis an Roinn.
 - Oibríonn siad le haonaid ghnó le linn an phróisis ullmhúcháin agus foilseacháin Sonraí Oscailte.
 - Oibríonn an t-aonad leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Sonraí Oscailte, cuireann sé nuashonruithe riachtanacha ar fáil ar

dhul chun cinn agus cabhraíonn sé chun tacú leis an tionscnamh go ginearálta.

- Déanann siad bainistíocht ar ardán Sonraí Oscailte na Roinne.
- Ní mór do gach roinn, oifig agus comhlacht ábhartha faoina gcoimirce freagracht a shannadh d'Oifigeach Idirchaidrimh Sonraí Oscailte as nithe a eascraíonn faoi na Rialacháin seo i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta um Shonraí Oscailte. Mar shampla, ní mór Oifigeach Idirchaidrimh Sonraí Oscailte a bheith ag an Roinn, agus ní mór do Met Éireann an rud céanna a dhéanamh.

4.3 D'fhéadfaí dul i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) má tá éiginnteacht ann maidir le sonraí pearsanta a fhoilsiú mar chuid d'fhoilseachán Sonraí Oscailte.

- Níor cheart sonraí pearsanta a fhoilsiú riamh mar chuid d'fhoilseachán Sonraí Oscailte. Má bhíonn aon éiginnteacht ann faoi seo, cabhróidh an tOifigeach Cosanta Sonraí agus an fhoireann sa Roinn le fiosrúcháin maidir le hoiriúnacht sonraí le haghaidh foilseachán Sonraí Oscailte. Téigh i dteagmháil le hAonad Cosanta Sonraí na Roinne le haghaidh treorach agus cúnamh leis seo ag data.protection@housing.gov.ie.

5 Foilseachán Sonraí Oscailte

5.1 Ba cheart tacair sonraí a fhoilsiú ar ardán Sonraí Oscailte na Roinne, <https://opendata.housing.gov.ie>, agus as sin déanfar iad a bhailiú chuig an tairseach sonraí oscailte náisiúnta, <https://data.gov.ie>. Cinntíonn an t-ardán gur féidir na sonraí a aimsiú, go bhfuil siad ar fáil i mórchóir agus trí Chomhéadan Ríomhchláraithe Feidhmchláir (CRF), de réir mar is gá.

5.2 Ba cheart tacair sonraí a chur ar fáil i bhformáidí neamhdhílseánaigh agus atá inléite ag meaisín. Is féidir impleachtaí suntasacha a bheith ag an gcineál formáide sonraí a úsáidtear maidir le hinúsáidteacht na sonraí; dá bhrí sin,

nuair is féidir, ba cheart sonraí táblacha a chur ar fáil i sonraí 3 réalta ar a laghad cosúil le comhaid Luachanna Scartha le Camóga (CSV). Is formáid inghlactha comhaid í an Fhoirm Doiciméad Iniompartha (PDF) freisin a úsáidtear chun doiciméid a chur i láthair.

- 5.3 Ba cheart tacair sonraí a chruthú agus a ullmhú lena bhfoilsíú i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus leis na caighdeáin sonraí, ar a dtugtar samhlacha sonraí nó stór focal sonraí freisin. Cinntíonn sé seo comhthuiscint ar ábhar sonraí agus ar an méid a chuireann sé síos d'úsáideoirí sonraí; agus cuidíonn sé le malartú réidh sonraí a éascú, e.g. formáidí ama agus dáta.
- 5.4 Ba cheart tacair sonraí a fhoilsíú i gcónaí in éineacht le meiteashonraí ardchaighdeáin, de réir an chaighdeáin meiteashonraí chuí do gach tacar sonraí. Is éard atá i gceist le meiteashonraí ná an fhaisnéis achomair a chuireann síos ar na sonraí, lena n-áirítear infhaighteacht, cineál agus comhpháirteanna na sonraí. Soláthraíonn sé comhthéacs faoi na sonraí a chabhraíonn le húsáideoirí a gciall a thuiscint. Beidh meiteashonraí atá i gcomhréir le Stór Focal Catalóg Sonraí-Próifíl Feidhmchláir (SFCS-PF)¹⁰ ag gabháil le gach tacar sonraí ar <http://data.gov.ie>.
- 5.5 Ní mór d'fhoilsitheoirí sonraí ceadúnas Sonraí Oscailte iomchuí a chur i bhfeidhm ar an tacar sonraí. Úsáideann seirbhís phoiblí na hÉireann an ceadúnas Idirnáisiúnta Creative Commons Attribution 4.0 (CC-BY-4.0)¹¹ do gach Sonraí Oscailte a fhoilsíonn siad. Cinntíonn sé seo an bunús dlíthiúil lena athúsáid fhéideartha, agus tugann sé dearbhaithe d'úsáideoirí sonraí maidir leis an gcaoi ar féidir leo na sonraí a úsáid, gan gá iarratas a dhéanamh roimh ré.

¹⁰ <https://data.gov.ie/pages/opedatatechnicalframework#recommended-metadata-schema-for-open-data>

¹¹ <https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>

6 Tacair Sonraí Ardluacha

- 6.1 Lean an Coimisiún Eorpach leis an Acht Cur Chun Feidhme maidir le Tacair Sonraí Ardluacha¹² (TSA), a foilsíodh i mí na Nollag 2022. Tá acmhainneacht ag TSAanna leas a bhaint as líon mór úsáideoirí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), cabhrú le hioncam a ghiniúint agus is féidir iad a chomhcheangal le tacair sonraí eile
- 6.2 Dearbhaíonn an tAcht Cur Chun Feidhme go meastar go bhfuil Ardluach ar na tacair sonraí, agus gur cheart do chomhlachtaí poiblí céimeanna láithreacha a ghlacadh chun a chinntiú go gcomhlíontar an tAcht seo. D'fhéadfadh an liosta téamaí a leathnú sa todhchaí, ach ag tráth an fhoilseacháin seo is iad seo a leanas liosta na gcatagóirí téamacha de TSAanna:
- I. Geospásúil
 - II. Breathnóireacht an Domhain agus an comhshaol
 - III. Meitéareolaíoch
 - IV. Staitisticí
 - V. Cuideachtaí agus úinéireacht cuideachtaí
 - VI. Soghluaisteacht

7 Iarratais ar Shonraí Oscailte

- 7.1 Cruthaíonn an Treoir bealach do chomhlachtaí earnála poiblí iarratais a fháil ar shonraí neamhfhoilsithe a chur ar fáil mar shonraí oscailte.

¹² <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32023R0138>

7.2 Leagtar amach in Airteagal 4 (Iarrataí ar Athúsáid) den Treoir conas a chuirtear an próiseas seo i gcrích. Déanfaidh an comhlacht poiblí:

- iarratas a phróiseáil laistigh de 20 lá oibre ón am a bhfaightear é
- Más iomchuí, na sonraí a fhoilsiú le ceadúnas Sonraí Oscailte
- Is féidir leis an tréimhse sin a fhadú ar 20 lá oibre breise i gcás iarratais shuntasacha nó chasta.
- I gcásanna den sórt sin, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas chomh luath agus is féidir, agus ar aon chuma laistigh de thrí seachtaine ón iarratas tosaigh, go bhfuil níos mó ama ag teastáil chun an t-iarratas a phróiseáil agus na cúiseanna leis sin.

7.3 Ní cheadaítear do chomhlachtaí earnála poiblí níos mó ná costas imeallach a ghearradh as rochtain ar na sonraí seo. Bheadh na costais imeallacha chun costais a thabhaítear as atáirgeadh, soláthar agus scaipeadh doiciméad chomh maith le hanaithnidiú sonraí pearsanta agus bearta a ghlactar chun faisnéis rúnda tráchtála a chosaint.

7.4 Éilíonn an fhuinneog ghearr freagartha feasacht agus eolas leathan ar Shonraí Oscailte ar fud na Roinne agus go dtuigeann na haonaid ghnó a bhfreagrachtaí agus a ndualgais faoin Treoir chun a chinntiú go bhfoilseofar na sonraí in am cuí.

8 Baol

8.1 Dhéanfadh foilseachán sonraí pearsanta mar chuid de thacar sonraí oscailte damáiste do chlú.

- Sainmhínítear sárú sonraí pearsanta mar shárú slándála as a dtagann scriosadh, cailliúint, athrú, nochtadh neamhúdaraíthe nó rochtain neamhúdaraíthe ar shonraí pearsanta, a tharchuirtear, a stóráiltear nó a phróiseáiltear ar shlí eile, de thimpiste nó go mídhleathach.
- Ba cheart gach sárú, is cuma cé chomh beag is atá líon na n-ábhar sonraí lena mbaineann, a logáil agus a thuairisciú don OCS chomh luath agus a aimsítear é.
- Cé nach bhfuil sé beartaithe, ní mór déileáil go tapa le foilseachán sonraí pearsanta de thimpiste de réir na bprótacal atá bunaithe. Má tharlaíonn sárú sonraí, lean na prótacail maidir le sárú sonraí.
- Tabhair faoi deara: Nuair is gá, ní mór don Roinn sárú sonraí pearsanta a thuairisciú don Choimisiún um Chosaint Sonraí laistigh de 72 uair an chloig ó bheith ar an eolas faoi.

9 Doiciméid agus Treoir Bhreise

9.1 Tá an beartas seo bunaithe ar roinnt doiciméad agus treoirlínte a d'fhéadfadh tuilleadh eolais a sholáthar más gá. Áirítear leo sin:

- Straitéis Sonraí Oscailte 2017-2022¹³ ó rialtas na hÉireann a bhfuil sé mar aidhm acu sonraí ardluacha a fhoilsiú i bhformáid oscailte, agus dul i ngleic le húsáideoirí ionchasacha na sonraí chun a luach a chur chun cinn.

¹³ https://data.gov.ie/uploads/page_images/2018-03-07-114306.063816Final-Strategy-online-version1.pdf

- Creat teicniúil Sonraí Oscailte¹⁴ a sholáthraíonn treoir maidir leis na céimeanna teicniúla a bhaineann le foilseachán Sonraí Oscailte. Áirítear leis comhairle maidir le ceadúnú, formáidí, aitheantóirí agus caighdeáin eile.
- I measc gnéithe eile de Thionscnamh Sonraí Oscailte na hÉireann¹⁵ tá oiliúint Sonraí Oscailte, obair fhor-rochtana agus sraith tionchair.
- Tuilleadh sonraí faoi ról an Oifigigh Idirchaidrimh Sonraí Oscailte¹⁶.
- Tá an Bunachar Eolais Sonraí Oscailte ar fáil ar Intranet na Roinne.

10 Timthriall Athbhreithnithe

10.1 Tá an tAonad Sonraí Oscailte freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas seo.

10.2 Déanfar athbhreithniú rialta ar na treoirlínte seo agus déanfar iad a nuashonrú nuair is gá, lena chinntiú go léireofar i gceart sa doiciméad aon athruithe ar chleachtais ghnó na Roinne nó athraithe de bharr reachtaíochta ábhartha.

11 Sonraí Teagmhála

11.1 Is é an tAonad Sonraí Oscailte an chéad phointe teagmhála le haghaidh aon cheisteanna faoi Shonraí Oscailte agus is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag opendata@housing.gov.ie.

¹⁴ <https://data.gov.ie/pages/opendatatechnicalframework>

¹⁵ <https://www.ops.gov.ie/actions/innovating-for-our-future/data/initiatives/>

¹⁶ https://data.gov.ie/uploads/page_images/2018-05-23-105914.556125Role-of-Open-Data-Liaison-Officer-final.pdf

gov.ie/housing

An Roinn
Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage